

Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna

2020 – 2024

Comhairliúchán 2019: Aibreán – Bealtaine 2019

Spriocdáta d'fhreagraí: 5i.n. Bealtaine 29, 2019

Cúlra an Chomhairliúcháin

Cuireann an córas breisoideachais agus oiliúna contanam de dheiseanna foghlama ó Leibhéal 1 go Leibhéal 6 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) ar fáil, dírithe ar fhorbairt scileanna lárnaigh agus speiceasacha araon, i dteannta réimse de thacaíochtaí foghlaimeora chun ionchuimsiú gníomhach gach saoránach a éascú. Soláthraíonn breisoideachas agus oiliúint réimse ilghnéitheach de chláracha agus tacaíochtaí deartha chun riachtanais daoine aonair ag stáitsí éagsúla den chónair fhoghlama a shásamh. Cuimsíonn se seo

- cúrsaí atá dírithe ar fhorbairt tras-scileanna lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht (m.sh. Litearthacht d'Aosaigh, ESOL, ITABE), d'fhonn cumais lárnaigh a thógáil a ligfidh do rannpháirtithe bogadh ar aghaidh go dtí deiseanna foghlama níos airde.
- réimse de chláracha (m.sh. Ógtheagmháil, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Scileanna don Obair) atá dírithe ar bhonn níos foirmeálta ar dhul chun cinn maidir le deiseanna oideachais agus oiliúna eile a éascú.
- Soláthar Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (PLC) le fócas ar dhul chun cinn go dtí ardoideachas a éascú agus cruthú torthaí fostaíochta díreacha.
- Tá cláracha eile (e.g. cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, oiliúint scileanna speiceasacha) bunaithe ar phionsabal foghlaim bunaithe san obair agus tá sé mar aidhm rannpháirtithe a threorú i dtreo phoist inbhuanaithe.

Cinntíonn an t-éiteas pobalbhunaithe maidir le breisoideachas agus oiliúint dáileadh geografach forleathan ó cheann ceann na tíre. Is dlúthchuid í an t-oideachas pobail den tírdhreach seo, le tionscnaíochtaí ón mbun aníos forbartha chun freastal ar riachtanais cheantair áirithe, go minic i gcomhpháirt le heagraíochtaí

áitiúla. Treisíonn sé seo an phróifíl fhoghlaimeora ilghnéitheach níos mó thar FET, le go leor foghlaimeoirí ag baint leas as cúrsaí ar bhonn páirtaimseartha, go minic um thráthnóna nó trí acmhainní ar líne. Is é an fad uasta de chúrsa breisoideachas agus oiliúna ná bliain amháin, cé go bhfuil rogha dhá bhliain ag roinnt den soláthar le gradam ar leith ag deireadh gach bliana. Ciallaíonn sé seo go mbíonn rannpháirtíocht le soláthraithe ar bhonn níos gearrtréimhsí de ghnáth, ná, cur i gcás, an t-ardoideachas, ach mar sin féin tá ateagmháil fhoghlaimeoirí do réimse cúrsaí, uaireanta laistigh den bhliain chéanna, ina phríomhthréith den chóras seo.

Is é SOLAS an t-údarás freagrach as pleanáil, maoiniú agus comhordú Breisoideachas agus Oiliúint (FET) in Éirinn. Tá ról lárnach ag an bhfís atá acu go n-aithneofar cláracha FET dá mbuntáistí soiléire d'fhoghlaimeoirí, don fhiontraíocht agus do phobail, áit a bhfuil an-luach curtha ar FET dá éifeachtúlacht agus fiúntas, maidir le cabhrú le hÉirinn a huailmhian a bheith ar an seirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a bhaint amach. Tá SOLAS freagrach as réimse dulagas lena n-áirítear:

- Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis breisoideachais agus oiliúna
- An córas FET a mhaoiniú chun tionchar infheistíocht stáit a mhéadú chomh mór agus is féidir
- Maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm na Comhaontais Feidhmiúcháin Straitéiseacha idir SOLAS agus gach Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB) a leagann amach pleananna 3 bhliana chun córas FET straitéiseach agus comhtháite a dhaingniú a thuilleadh
- Freagras reachtúil don chóras printíseachta
- Anailís a dhéanamh ar an margadh oibre agus na riachtanais maidir le príomhscileanna a aithint agus a thuar, agus
- Ag cur seasamh Breidoideachas agus Oiliúint chun cinn

Maoiníonn agus comhordaíonn agus déanann SOLAS monatóireacht ar sholáthar Breisoideachas agus Oiliúint (FET) ag na Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBs) ar son an Roinn Oideachais agus Scileanna. I 2018, thacaigh an sé déag Bord Oideachais agus Oiliúna le níos mó ná 300,000 tairbhí, ag soláthar oideachais agus oiliúna thar 33 braisle scileanna a chuimsíonn timpeallacht thógtha, innealtóireacht, bia agus deoch, eolas teicneolaíochta agus turasóireacht.

Thug an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, faoinar bunaíodh SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna, na hearnálacha breisoideachais agus oiliúna le chéile don chéad uair faoi shamhail sheachadtha chineachta. Lean tréimhse bhunaíochta nádúrtha é seo d'fhonn a chinntiú go raibh na struchtúir, ról agus freagrachtaí laistigh de na heagraíochtaí faoi seach i gcomhréir le na cuspóirí beartais, eacnamaíochta agus sóisialta chuig gur dearadh an córas FET. Tá sé sonraithe san Acht chomh maith go n-ullmhóidh agus go gcuirfidh SOLAS straitéis faoi bhráid gach cúig bliain don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le

breisoideachas agus oiliúint. Foilsíodh an chéad straitéis dá leithéid (*Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019*) i 2014.

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Straitéis FET 2014, i gcomhréir le hathstruchtúrá na hearnála i 2013, rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt na hearnála FET. Cuimsíonn roinnt de phríomhéachtaí na Straitéise reatha cur chuige nua maidir le pleanáil agus maoiniú don chóras; forbairt bunachar foghlaimeora cuimsitheach; measúnúcháin leanúnacha de sholáthar FET faoi láthair; seachadadh eiseamláirí printíseachta agus cúrsaí oiliúna; forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach straitéis litearthachta agus uimhearthachta; agus creatlach beartais le haghaidh forbairt scileanna dóibh siúd i bhfostaíocht.

Ina theannta san, ag leanúint ó fhoilsiú na príomhchuspóirí náisiúnta FET sa *Phlean Corparáideach SOLAS 2017-2019*, chuir SOLAS tús le sraith de chruinnithe plé straitéiseach le gach ceann de na sé déag ETBs, rud a spreag sé déag comhaontais feidhmiúcháin straitéiseacha trí bhliana a leag amach an treoir don earnáil i mbealach pleanáilte agus córasach. I measc torthaí cur i bhfeidhm na gcomhaontas seo go dtí seo, tá: rannpháirtíocht fostóra feabhsaithe, foirmeálú méadaitheach agus creidiúniú fhoghlama, fócas ar bhealaí dul chun cinn níos comhsheasmhaí agus leathnú soláthar foghlaim fad saoil. Éascaíonn na torthaí seo ar fad conair fhoghlaimeora níos soiléire isteach go, laistigh de agus ón FET.

Leis an Straitéis reatha ag teacht chun críche ag deireadh 2019, tá tús curtha le hobair anois chun Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna nua a fhorbairt don tréimhse 2020-2024. Mar ullmhúchán don Straitéis FET nua seo, cuireadh athbhreithniú neamhspleách ar dhul chun cinn na Straitéise FET ar bun i 2018 agus d'aithnigh sé an gá le tús áite a thabhairt do théamaí lárnacha laistigh den chéad straitéis FET, a áiríonn athrú ó sholáthar 'd'fhostaíocht' go huasoiliúint lucht oibre spriocdhírthe, forbairt conairí foghlaimeora níos soiléire agus cur chuige iomlán maidir le córas oideachais agus oiliúna a chuireann ról an FET agus an Ardoideachais ag obair ar bhonn níos comhordaithe san áireamh.

Beidh an Straitéis FET nua múnlaíthe chomh maith ar thionscnaíochtaí agus straitéisí náisiúnta a áiríonn an Straitéis Scileanna Náisiúnta 2025 agus an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019. Tá an tírdhreach eacnamúil reatha an-difriúil ón tírdhreach eacnamúil i 2014 nuair a lánseáladh an chéad straitéis; le leibhéal fhostaíochta laghdaithe (5.8%), coinníollacha margadh saothair an-difriúil agus athchóiriú struchtúrach na hearnála FET. Soláthróidh an straitéis nua treoir agus fócas athnuaite le haghaidh socrú tosaíochtaí infheistíochta, agus, go háirithe, le haghaidh breis forbairt ar earnáil chomhtháite FET a shásóidh riachtanais an fhoghlaimeora, fiontraíochta agus pobail. Cuirfidh an straitéis leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus tacóidh sé leis an earnáil chun cinntiú go leanfaidh FET ar aghaidh ag freastal ar riachtanais shochaíocha agus eacnamaíochta na hÉireann sna céag cúig bhliain atá amach romhainn.

Iarratas a Dhéanamh

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó pháirtithe leasmhara chun cabhrú le SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun treo straitéiseach Breisoideachais agus Traenála suas go dtí an bhliain 2024.

Le linn comhaontuithe feidhmíochta straitéisigh a fhorbairt idir SOLAS agus BOOnna, bhí sé ghné lárnach aitheanta maidir le breisoideachas agus traenáil, le haidhmeanna córais FET gaolmhara, de réir leagtha amach sa léaráid thíos. Bhí an struchtúr seo in úsáid mar chreat chun cabhrú dóibh sin ar mian leo páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin, le cuspóirí maidir le gach aon ghné den FET mar thoradh.

D'ainneoin sin, áfach, is féidir le hiarratais tagairt a dhéanamh do cheisteanna agus téamaí eile atá oiriúnach dar leat nó le d'eagraíocht.



ENGLISH:	IRISH:
(1) Supporting Job Creation	(1) Ag Tacú le Poist a Chruthú
(2) Learning Pathways	(2) Conairí Foghlama
(3) Active Inclusion	(3) Cuimsiú Gníomhach
(4) Lifelong Learning & Workforce Upskilling	(4) Foghlaim ar feadh an tSaoil agus Uasoiliúint a chur ar an Lucht Saothair
(5) Meeting Key Skills Gaps	(5) Bearnaí Príomhscileanna a Líonadh
(6) New Models of Delivery	(6) Samhlacha Nua Soláthair

Ag Tacú le Postanna a Chruthú

Forbraítear an chuid is mó forálacha FET i gcomhréir le riachtanais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Méadaíonn an cur chuige sin deiseanna do chéimithe FET agus ceadáíonn sé dóibh fostaíocht a fháil arís, a n-ionchais gairme a athrú nó a fheabhsú agus cabhrú le fiontraithe a gcuid gnó féin a fhorbairt. Ó foilsíodh an straitéis FET reatha go dtí seo, chonaiceamar slánúchán suntasach inár gcuid rathúnas eacnamaíoch. Mar thoradh, is gá cuid mhaith den fhoráil a phleanáil ar bhonn “san fhostaíocht” seachas “don fhostaíocht”, cé gur chóir gan an riachtanas a chur as an áireamh maidir le foráil deimhniúcháin a sholáthair dóibh sin a fhanann lasmuigh den mhargadh saothair. Chuige sin, beidh ar an tionscal cur chuige struchtúrtha, onghníomhach agus sonraithe a ghlacadh chun líon na bpostanna urraithe d’fhoghlaimoirí i ndiaidh críche a gcúrsa a chur i méid. Má thugtear riachtanais do scileanna agus má dhéantar monatóireacht níos éifeachtaí ar aschurtha fostaíochta, i dteannta le cur chuige níos comhordanáidí agus sonraithe ar rannpháirtíocht an fhostóra, is féidir leis sin infhostaitheacht na bhfoghlaimoirí FET a chur i bhfeabhas. Tá an tionscal FET tiomanta chun cuidiú le comhlachtaí agus fostaíthe chun a réimse scileanna a fheabhsú chun gur féidir táirgiúlacht agus nuálaíocht a fheabhsú sa láthair oibre. Agus i ngeall ar an bhfócas a chuireann an tionscal ar ghairmoideachas, tá ról lárnach aige chun feachtas a fhorbairt ar bhunchlocha na gcéimithe FET chun gur féidir leo cuidiú don tionscal mar fhostaithe.

Áirítear leis na Feidhmeanna:

- Intleacht maidir le scileanna agus margadh saothair ó SOLAS
- Díriú ar riachtanais an tionscail
- Samhlacha printíseachta agus oiliúna
- Riachtanais scileanna áitiúla agus réigiúnacha agus deiseanna oibre
- Struchtúir rannpháirtíochta d’fhostaithe
- Feachtais promóisin
- Roghanna seachadta solúbtha cuí, lena n-áirítear foghlaim ar líne agus cumaisc
- Déileáil le mí-oiriúnuithe scileanna agus cur chuige straitéiseach a ghlacadh bunaithe ar riachtanais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta

Le do thoil, roinn do smaointe linn maidir le Tacú le Postanna a Chruthú

Le do thoil, tabhair bearta molta a theastaíonn sa réimse seo dar leat

Bealaí Foghlama

Teastaíonn athbhreithniú agus breisiú ó bhealaí foghlama ionas gur féidir leis an bhfoghlaimoir bogadh gan stró ar aistear tríd an gcontanaim oideachais is leithne. Faoi láthair, baineann go leor cláracha le foráil FET, a chuimsíonn leibhéal 1-6 den chreat cáilíochta náisiúnta. Léiríonn sonraí SOLAS go bhfuil leibhéal an-suntasacha foghlaimoirí ag bogadh laistigh FET ar bhonn bliantúil, ó thógann foghlaimoirí níos mó ná clár gearr amháin chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus iad a ullmhú chun staidéir bhreise in FET nó HE nó bogadh díreach chuig an margadh saothair. Ar an mbonn sin, áirítear le bealaí foghlama an riachtanas chun bealaí foghlaimora níos soiléire a dhéanamh do FET, laistigh FET agus lasmuigh FET. Cuimsíonn bealaí ó FET go Ardoideachas (HE) eilimint ar leith de bhealach an fhoghlaimora agus ní mór dóibh a bheith soiléir, follasach, inbhraite, le deiseanna do gach foghlaimoirí chun bogadh chuig HE más mian leo amhlaidh a dhéanamh.

Áirítear leis na feidhmeanna:

- Treorú gairme d'fhoghlaimoirí mar chuid de thacaíochtaí foghlaimora
- Deiseanna d'fhoghlaimoirí FET chun bogadh idir chláracha ar bhealach líneach agus neamh-líneach
- Forbairt leanúnach ar struchtúir chun gluaiseachtaí idir FET agus HE a éascú
- Comhoibríocht idir na réimsí FET agus HE ar phleanáil agus foráil scileanna
- Anailís feabhsaithe ar shonraí chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ghluaiseachtaí foghlaimoirí laistigh FET agus amach as FET chuig HE

Le do thoil, roinn do smaointe maidir le Bealaí Foghlama

Le do thoil, tabhair bearta molta a theastaíonn dar leat sa réimse seo

Ionchuimsiú Gníomhach

Cruthaíonn an réimse FET deiseanna do dhaoine aonair agus grúpaí imeallaithe chun rochtain a thabhairt do scileanna a theastaíonn uathu i gcomhair comórtais sa mhargadh saothair ach freisin chun a gcuid uailmhianta forbartha pearsanta a chur i gcrích. Áirítear sna grúpaí sin daoine dífhostaithe go fadtréimhseach, daoine le míchumas, daoine óga idir 18-24 bliain d'aois nach bhfuil in oideachas, fostaíocht nó traenáil, agus iad sin a bhfuil deacrachtaí inniúlachta agus uimhearthachta acu. Déanann córas FET a dhícheall chun eitic ionchuimsithe gníomhaigh a chur i ngach próiseas agus cleachtais a chuirtear i bhfeidhm i ndearach agus seachadadh a chuid seirbhísí. Imríonn Breisoideachas agus Traenáil ról lárnach le linn oibriú le daoine aonair, grúpaí agus pobail imeallaithe chun a chinntiú go bhfaigheann siad ionchuimsiú in oideachas chun gur féidir sochaí níos cothroime a bhaint amach.

Áirítear leis na feidhmeanna:

- Díriú ar ghrúpaí a bhfuil míbhuntáistí sóisialacha, eacnamaíocha agus oideachais acu
- Tacaíochtaí d'inniúlacht agus uimhearthacht a chomhcheangail
- Forbairt pearsanta agus pobail
- Cothromas rochtana thar an tionscail FET
- Cnuasaigh tras-scileanna – foghlaim ginearálta agus ICT
- Creidiúnú leibhéil ísle sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- ESOL (English for Speakers of Other Languages)

Le do thoil, roinn do smaointe maidir le hionchuimsiú Gníomhach

Le do thoil, tabhair bearta molta a theastaíonn dar leat sa réimse seo

Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Uasoiliúint Fórsa Saothair

Tá córas FET curtha in áit idéalach chun deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a sholáthar; tá láithreacht aige laistigh an chuid is mó pobail, stair taifeadta ag seachadadh foráil páirt-aimseartha agus lán-aimseartha araon do dhaoine i ngach aoisghrúpa agus nascacht láidir le fostóirí áitiúla agus a gcuid fostaithe. Nuair a leabaítear samhlacha seachadta níos solúbtha do FET, beidh sin tábhachtach d'fhorbairt éifeachtach foghlama ar feadh an tsaoil sa todhchaí. Ciallaíonn foráil solúbtha: rochtain níos éasca air (m.s. sa láthair oibre, in áiseanna an phobail); ag amanna a oireann do rannpháirtithe (m.s. oíche, deireadh seachtaine); le foghlaim cumaisc chun riachtanas do láithreacht fisiceach agus taisteal a ghabhann leis a laghdú; nó saincheaptha chun dul in oiriúint do chúlraí agus socraithe ar leith (m.s. tionscnaíochtaí teaghlaigh, obair grúpa). Leanfaidh na cineálacha cur chuige sin ag cinntiú go bhfuil deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil FET ar fáil agus inrochtana do gach duine tríd gach réigiún ina bhfreastalaíonn siad. Chun gníomhaíocht foghlama na ndaoind fásta a ardú, go háirithe dóibh sin san fhórsa oibre, teastaíonn uasoiliúint agus athoiliúint suntasach ar an ndaonra fásta ag gach leibhéal. Tá athrú i bhfócas ó “don fhostaíocht” go dtí “sa bhfostaíocht” thar foráil FET ar fad. Teastaíonn polasaithe agus creat solúbtha freagracha ó FET chun uasoiliúint agus athoiliúint rathúil a sholáthar.

Áirítear leis na feidhmeanna:

- Iar-fhoghlaim a aithint
- Foghlaimeoirí fásta
- Foghlaim cuidithe ag teicneolaíocht
- Buntáistí le foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn
- Anailís ar riachtanais traenála
- Feasacht ar na FET á gcur ar fáil ag FBManna
- Scileanna chun Dul chun Cinn

Le do thoil, roinn do smaointe maidir le Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Uasoiliúint Fórsa Oibre

Le do thoil, tabhair bearta molta a theastaíonn sa réimse seo dar leat

Príomh-bhearnaí Scileanna a Chomhlíonadh

Má thugtar oideachas agus traenáil pleanáilte go straitéiseach ag foráil a mheaitseálann riachtanais an mhargaidh shaothair go dlúth, cabhraíonn sin d'oibrithe agus fostóirí thar gach réimse agus gairm dul in oiriúint go rathúil le hathruithe sa teicneolaíocht agus margadh. Áirítear leis an éileamh leanúnach do dhaoine a bhfuil leibhéil cáilíochta agus cineálacha taithí difriúla acu iad sin a bhfuil teastais breisoideachais agus traenála. Má úsáidtear intleacht margaidh saothair agus déantar ailíniú ar fhoráil FET le hintleacht an mhargaidh le riachtanais an mhargaidh shaothair chun cur le hinfhostaitheacht na bhfoghlaimeoirí, léiríonn sé sin deis shuntasach chun tacú le fás an gheilleagair. Chun príomh-bhearnaí scileanna a chomhlíonadh, is gá don réimse FET freagairt do riachtanais scileanna sna ceantacha réigiúnacha, chun cothromaíocht a thabhairt ar ais d'fhoráil ó scileanna leathan i dtreo riachtanais gairme sonracha chun a chinntiú go bhfuil an foráil aitheanta go hiomlán.

Áirítear leis na feidhmeanna:

- Creidiúnú foghlama
- Struchtúir Rannpháirtíochta d'Fhostóirí
- Réamhfhaisnéis scileanna agus intleacht an mhargaidh shaothair
- Réimsí ina theastaíonn riachtanais fáis/scileanna fostaíochta a aithint
- Scileanna “pearsanta” a fhorbairt chun cuidiú le haitreabúidí teicniúla
- Fora Scileanna Réigiúnacha

Le do thoil, roinn do smaointe maidir le Príomh-bhearnaí Scileanna a Chomhlíonadh

Le do thoil, tabhair bearta molta a theastaíonn dar leat sa réimse seo

Samhlacha Seachadta Nua

Leantar ag déanamh feidhmiú céimneach ar shamhlacha nua printíseachta agus oiliúna le haidhmeanna do 31,000 agus 13,900 clárúchán ar na cláracha sin idir 2016 agus 2020. Tacaítear le seachadadh printíseachtaí agus oiliúintí nua ag comhordú agus comhoibriú leis an tionscal agus soláthraithe eile. Áirítear le samhlacha nua seachadta eile réamh-phrintíseachtaí a ullmhaíonn printísí ag tabhairt scileanna agus taithí oibre dóibh chun buntús chun printíseacht a fhorbairt ann. Leis sin, táthar ag leabú uirlisí agus cláracha oideachais bunaithe ar teicneolaíocht sa réimse FET mar dheiseanna foghlama solúbtha á n-ofráil ar líne, cumaisc, modhnach, seimeastair agus san oíche.

Áirítear leis na feidhmeanna:

- Foráil printíseachta agus oiliúna
- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL)
- Struchtúir um Ráthú Caighdeáin

Le do thoil, roinn do smaointe maidir le Samhlacha Seachadta Nua

Le do thoil, tabhair bearta molta a theastaíonn dar leat sa réimse seo

Tuairimí Ginearálta

Ag smaoineamh ar an chéad Straitéis Breisoideachais agus Traenála eile, roinn aon tuairimí nó moltaí eile ar mhaith leat go ndéanfaidh muid machnamh orthu.

